2026/180 22.1.2026

**RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/180 ÓN gCOIMISIÚN**

**an 19 Eanáir 2026**

**lena leasaítear Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1426, (AE) 2024/221, (AE) 2023/1333, (AE) 2024/1058, (AE) 2023/1342, (AE) 2024/778, (AE) 2024/2177, (AE) 2019/805, (AE) 2020/163, (AE) 2021/1431 agus (AE) 2025/161 a mhéid a bhaineann le hainm shealbhóir an údaraithe le haghaidh breiseáin bheathaithe**

**(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)**

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Meán Fómhair 2003 maidir le breiseáin a bhfuiltear lena n-úsáid i gcothú ainmhithe ([1]), agus go háirithe Airteagal 13(3) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Próitéáis séirín, ion-1,4-béite-xiolanáis, ion-1,3(4)-béite-ghlúcanáis agus ion-1,4-béite-ghlúcanáis, ion-1,3(4)-béite-ghlúcanáis, ion-1,4-béite-xiolanáis, 6-fíotáis, próitéáis agus múraimíodáis, údaraíodh mar bhreiseáin bheathaithe iad ('na breiseáin bheathaithe lena mbaineann') le haghaidh speiceas ainmhíoch éagsúil le Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1426 ([2]), (AE) 2024/221 ([3]), (AE) 2023/1333 ([4]), (AE) 2024/1058 ([5]), (AE) 2023/1342 ([6]),

([1]) IO L 268, 18.10.2003, lch. 29, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2003/1831/oj.

([2]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1426 ón gCoimisiún an 31 Lúnasa 2021 maidir le húdarú próitéáise séirín arna táirgeadh ag Bacillus licheniformis DSM 19670 mar bhreiseán beathaithe le haghaidh sicíní lena ramhrú (sealbhóir an údaraithe: DSM Nutritional Products Ltd. atá á ionadú san Aontas ag DSM Nutritional Products Sp. z o.o.) (IO L 307, 1.9.2021, lch. 17, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2021/1426/oj).

([3]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/221 ón gCoimisiún an 12 Eanáir 2024 maidir le húdarú ullmhóide d'ion–1,4-béite-xiolanáis, ion–1,3(4) béite-ghlúcanáis agus ion–1,4-béite-ghlúcanáis, arna táirgeadh ag Trichoderma reesei ATCC 74444 a athnuachan mar bhreiseán beathaithe le haghaidh gach speicis éanlaithe clóis lena ramhrú, gach speicis éanlaithe clóis le bheith ina bhéaróg agus bainbh scoite (sealbhóir an údaraithe: DSM Nutritional Products) agus lena leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 403/2013 (IO L, 2024/221, 15.1.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/221/oj).

([4]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1333 ón gCoimisiún an 29 Meitheamh 2023 maidir le hullmhóid in–1,3(4) béite-ghlúcanáise arna táirgeadh ag Aspergillus fijiensis CBS 589.94 a údarú mar bhreiseán beathaithe le haghaidh sicíní lena ramhrú agus bainbh scoite (sealbhóir an údaraithe: DSM Nutritional Products Ltd., atá á ionadú ag DSM Nutritional Products Sp. z o.o.) agus lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 1811/2005 agus lena n-aisghairtear Rialachán (CE) Uimh. 1259/2004 (IO L 166, 30.6.2023, lch. 106, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2023/1333/oj).

([5]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1058 ón gCoimisiún an 10 Aibreán 2024 maidir le húdarú ullmhóide arb é atá inti ion-1,4-béite-xiolanáis, arna táirgeadh ag Aspergillus oryzae DSM 33700, a athnuachan mar bhreiseán beathaithe le haghaidh éanlaith chlóis lena ramhrú, bainbh scoite, muca lena ramhrú, cránacha atá ag tál agus béaróg, leis an athrú ar théarmaí an údaraithe agus le húsáidí nua na hullmhóide sin mar bhreiseán beathaithe a údarú le haghaidh gach speicis éanlaithe clóis agus Suidae uile (sealbhóir an údaraithe: DSM Nutritional Products Ltd, atá á ionadú ag DSM Nutritional Products Sp. z o.o.) agus lena n-aisghairtear Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 1206/2012, (AE) 2020/995 agus (AE) 2020/1034 (IO L, 2024/1058, 11.4.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/1058/oj).

([6]) Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1342 ón gCoimisiún an 30 Meitheamh 2023 maidir le húdarú ullmhóid 6-fíotáis arna táirgeadh ag Aspergillus oryzae DSM 33699 a athnuachan mar bhreiseán beathaithe le haghaidh éanlaithe clóis, muca lena ramhrú, bainbh scoite agus cránacha (sealbhóir an údaraithe: DSM Nutritional Products Ltd., atá á ionadú ag DSM Nutritional Products Sp. z o.o.) agus lena n-aisghairtear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) Uimh. 837/2012 (IO L 168, 3.7.2023, lch. 17, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2023/1342/oj).

(AE) 2024/778 [7], (AE) 2024/2177 [8], (AE) 2019/805 [9], (AE) 2020/163 [10], (AE) 2021/1431 [11] agus (AE) 2025/161 [12] ón gCoimisiún.

(2) Sealbhóir na n-údaruithe le haghaidh na mbreiseán beathaithe lena mbaineann, DSM Nutritional Products Ltd., chuir sé iarratas isteach i gcomhréir le hAirteagal 13(3) de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 lena moladh ainm shealbhóir na n-údaruithe le haghaidh na mbreiseán beathaithe lena mbaineann a athrú go Novozymes A/S.

(3) Is athrú de chineál riaracháin amháin é an t-athrú sin atá beartaithe i dtéarmaí na n-údaruithe agus ní dhéanfar measúnú nua ar na breiseáin lena mbaineann. Cuireadh an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ar an eolas faoin iarratas.

(4) Chun gur féidir le Novozymes A/S a chearta margaíochta a shaothrú, is gá téarmaí na n-údaruithe lena mbaineann a athrú.

(5) Dá bhrí sin, ba cheart Rialacháin Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1426, (AE) 2024/221, (AE) 2023/1333, (AE) 2024/1058, (AE) 2023/1342, (AE) 2024/778, (AE) 2024/2177, (AE) 2019/805, (AE) 2020/163, (AE) 2021/1431 agus (AE) 2025/161 a leasú dá réir sin.

(6) Ós rud é nach bhfuil gá leis na leasuithe a dhéantar leis an Rialachán seo a chur i bhfeidhm láithreach ar chúiseanna sábháilteachta, is iomchuí idirthréimhse a cheadú ina bhféadfar stoic de na breiseáin bheathaithe lena mbaineann atá ann cheana a ídiú.

(7) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán Cur Chun Feidhme seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuanchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

---

[7] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/778 ón gCoimisiún an 5 Márta 2024 maidir le hullmhóid próitéáise arna táirgeadh ag Bacillus licheniformis (DSM 33099) a údarú mar bhreiseán beathaithe le haghaidh gach speicis éanlaithe clóis lena ramhrú, a thógtar le bheith ina bhéaróg agus a thógtar le haghaidh pórúcháin (sealbhóir an údaraithe: DSM Nutritional Products Ltd) (IO L, 2024/778, 6.3.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/778/oj).

[8] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2177 ón gCoimisiún an 2 Meán Fómhair 2024 maidir le húdarú ullmhóide arb é atá inti 6-fíotáis arna táirgeadh le Aspergillus oryzae DSM 33737 mar bhreiseán beathaithe le haghaidh gach speicis éanlaithe clóis lena ramhrú nó a thógtar le bheith ina bhéaróg nó a thógtar le haghaidh pórúcháin, cránacha de gach speiceas Suidae agus gach éisc eite (sealbhóir an údaraithe: DSM Nutritional Products Ltd, atá á ionadú ag DSM Nutritional Products Sp. z o.o.) (IO L, 2024/2177, 3.9.2024, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2024/2177/oj).

[9] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/805 ón gCoimisiún an 17 Bealtaine 2019 maidir le hullmhóid múraimíodáise arna táirgeadh ag Trichoderma reesei DSM 32338 a údarú mar bhreiseán beathaithe le haghaidh sicíní lena ramhrú agus le haghaidh mionspeicis éanlaithe clóis lena ramhrú (sealbhóir an údaraithe DSM Nutritional Products Ltd, arna ionadú san Aontas ag DSM Nutritional Products Sp. Z o.o) (IO L 132, 20.5.2019, lch. 33, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2019/805/oj).

[10] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/163 ón gCoimisiún an 5 Feabhra 2020 maidir le hullmhóid de mhúraimíodáis arna táirgeadh ag Trichoderma reesei DSM 32338 a údarú mar bhreiseán beathaithe le haghaidh turcaithe lena ramhrú, turcaithe a thógtar le haghaidh pórúcháin, sicíní a thógtar le haghaidh pórúcháin agus le haghaidh speicis éanlaithe clóis eile a thógtar le haghaidh pórúcháin (sealbhóir an údaraithe DSM Nutritional Products Ltd. arna ionadú san Aontas ag DSM Nutritional Products Sp. Z o.o) (IO L 34, 6.2.2020, lch. 34, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2020/163/oj).

[11] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1431 ón gCoimisiún an 1 Meán Fómhair 2021 maidir le húdarú múraimíodáise arna táirgeadh ag Trichoderma reesei DSM 32338 mar bhreiseán beathaithe le haghaidh bainbh scoite (sealbhóir an údaraithe DSM Nutritional Products Ltd atá á ionadú san Aontas ag DSM Nutritional Products Sp. z o.o.) (IO L 309, 2.9.2021, lch. 5, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2021/1431/oj).

[12] Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/161 ón gCoimisiún an 29 Eanáir 2025 maidir le húdarú ullmhóide múraimíodáise arna táirgeadh le Trichoderma reesei DSM 32338 mar bhreiseán beathaithe le haghaidh béaróg (sealbhóir an údaraithe: DSM Nutritional Products Ltd, atá á ionadú ag DSM Nutritional Products Sp. z o.o.) (IO L, 2025/161, 30.1.2025, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg_impl/2025/161/oj).

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

*Airteagal 1*

**Leasú ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1426**

Leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1426 mar a leanas:

(1) sa teideal, cuirtear 'Novozymes A/S' in ionad an ainm 'DSM Nutritional Products Ltd., arna ionadú san Aontas ag DSM Nutritional Products Sp. z o.o.';

(2) sa dara colún den Iarscríbhinn, cuirtear 'Novozymes A/S' in ionad an ainm 'DSM Nutritional Products Ltd., arna ionadú san Aontas ag DSM Nutritional Products Sp. z o.o.'.

*Airteagal 2*

**Leasú ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/221**

Leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/221 mar a leanas:

(1) sa teideal, cuirtear 'Novozymes A/S' in ionad an ainm 'DSM Nutritional Products';

(2) sa dara colún den Iarscríbhinn, cuirtear 'Novozymes A/S' in ionad an ainm 'DSM Nutritional Products'.

*Airteagal 3*

**Leasú ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1333**

Leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1333 mar a leanas:

(1) sa teideal, cuirtear 'Novozymes A/S' in ionad an ainm 'DSM Nutritional Products Ltd., arna ionadú ag DSM Nutritional Products Sp. z o.o.';

(2) sa dara colún den Iarscríbhinn, cuirtear 'Novozymes A/S' in ionad an ainm 'DSM Nutritional Products Ltd., arna ionadú ag DSM Nutritional Products Sp. z o.o.'.

*Airteagal 4*

**Leasú ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1058**

Leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/1058 mar a leanas:

(1) sa teideal, cuirtear 'Novozymes A/S' in ionad an ainm 'DSM Nutritional Products Ltd., arna ionadú ag DSM Nutritional Products Sp. z o.o.';

(2) sa dara colún den Iarscríbhinn, cuirtear 'Novozymes A/S' in ionad an ainm 'DSM Nutritional Products Ltd., arna ionadú ag DSM Nutritional Products Sp. z o.o.'.

*Airteagal 5*

**Leasú ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1342**

Leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2023/1342 mar a leanas:

(1) sa teideal, cuirtear 'Novozymes A/S' in ionad an ainm 'DSM Nutritional Products Ltd., arna ionadú ag DSM Nutritional Products Sp. z o.o.';

(2) sa dara colún den Iarscríbhinn, cuirtear 'Novozymes A/S' in ionad an ainm 'DSM Nutritional Products Ltd., arna ionadú ag DSM Nutritional Products Sp. z o.o.'.

*Airteagal 6*

**Leasú ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/778**

Leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/778 mar a leanas:

(1) sa teideal, cuirtear 'Novozymes A/S' in ionad an ainm 'DSM Nutritional Products Ltd';

(2) sa dara colún den Iarscríbhinn, cuirtear 'Novozymes A/S' in ionad an ainm 'DSM Nutritional Products Ltd'.

*Airteagal 7*

**Leasú ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2177**

Leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2024/2177 mar a leanas:

(1) sa teideal, cuirtear 'Novozymes A/S' in ionad an ainm 'DSM Nutritional Products Ltd., arna ionadú ag DSM Nutritional Products Sp. z o.o.';

(2) sa dara colún den Iarscríbhinn, cuirtear 'Novozymes A/S' in ionad an ainm 'DSM Nutritional Products Ltd., arna ionadú ag DSM Nutritional Products Sp. z o.o.'.

*Airteagal 8*

**Leasú ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/805**

Leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2019/805 mar a leanas:

(1) sa teideal, cuirtear 'Novozymes A/S' in ionad an ainm 'DSM Nutritional Products Ltd., arna ionadú san Aontas ag DSM Nutritional Products Sp. z o.o.';

(2) sa dara colún den Iarscríbhinn, cuirtear 'Novozymes A/S' in ionad an ainm 'DSM Nutritional Products Ltd., arna ionadú san Aontas ag DSM Nutritional Products Sp. z o.o.'.

*Airteagal 9*

**Leasú ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/163**

Leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2020/163 mar a leanas:

(1) sa teideal, cuirtear 'Novozymes A/S' in ionad an ainm 'DSM Nutritional Products Ltd., arna ionadú san Aontas ag DSM Nutritional Products Sp. z o.o.';

(2) sa dara colún den Iarscríbhinn, cuirtear 'Novozymes A/S' in ionad an ainm 'DSM Nutritional Products Ltd., arna ionadú san Aontas ag DSM Nutritional Products Sp. z o.o.'.

*Airteagal 10*

**Leasú ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1431**

Leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2021/1431 mar a leanas:

(1) sa teideal, cuirtear 'Novozymes A/S' in ionad an ainm 'DSM Nutritional Products Ltd., arna ionadú san Aontas ag DSM Nutritional Products Sp. z o.o.';

(2) sa dara colún den Iarscríbhinn, cuirtear 'Novozymes A/S' in ionad an ainm 'DSM Nutritional Products Ltd., arna ionadú san Aontas ag DSM Nutritional Products Sp. z o.o.'.

*Airteagal 11*

**Leasú ar Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/161**

Leasaítear Rialachán Cur Chun Feidhme (AE) 2025/161 mar a leanas:

(1) sa teideal, cuirtear 'Novozymes A/S' in ionad an ainm 'DSM Nutritional Products Ltd., arna ionadú ag DSM Nutritional Products Sp. z o.o.';

(2) sa dara colún den Iarscríbhinn, cuirtear 'Novozymes A/S' in ionad an ainm 'DSM Nutritional Products Ltd., arna ionadú ag DSM Nutritional Products Sp. z o.o.'.

*Airteagal 12*

**Beart idirthréimhseach**

Na breiseáin bheathaithe lena mbaineann, a tháirgtear agus a lipéadaítear roimh dháta theacht i bhfeidhm an Rialacháin seo i gcomhréir leis na rialacha is infheidhme roimh an dáta sin, féadfar leanúint dá gcur ar an margadh agus dá n-úsáid go dtí go mbeidh na stoic ídithe.

*Airteagal 13*

**Teacht i bhfeidhm**

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 19 Eanáir 2026.

*Thar ceann an Choimisiúin*
*An tUachtarán*
Ursula VON DER LEYEN